An Córas Sláinte

Ceist 1 Beidh tú ag féachaint ar ball ar thuairisc faoin gcóras sláinte.

A. Ceangail na téarmaí Gaeilge leis na téarmaí Béarla:

The Health Minister	*An Roinn Sláinte*
Department of Public Expenditure and Reform	*Roinn an Taoisigh*
Department of the Taoiseach	*An tAire Stáit*
Department of Health	*An tAire Sláinte*
Minister of state	*An Roinn Caiteachais Phoiblí agus Athchóirithe*

B. Ceangail na focail Ghaeilge leis na focail Bhéarla.

1. intent	a. *faoi ionsaí*
2. resign	b. *freasúra*
3. soon after	c. *éirí as*
4. demand	d. *éileamh*
5. opposition	e. *sna sála ar*
6. cuts	f. *cháin sé*
7. leader	g. *cuir i bhfeidhm*
8. he criticised	h. *dílseacht*
9. loyalty	i. *ciorruithe*
10. under attack	j. *ceannaire*
11. implement	k. *rún*

1	2	3	4	5	6	7	8	9	10	11

Anois, féach ar an tuairisc den chéad uair le feiceáil an raibh an ceart agat.

Ceist 2 Féach ar an tuairisc den dara huair agus freagair na ceisteanna:

1. Cén fáth ar mhaith leis an bhfreasúra go n-éireodh James Reilly as?

a. Deir Micheál Martin nach bhfuil sé in ann ag an jab mar Aire Sláinte.
b. Ní raibh sé dílis do Enda Kenny.
c. Cháin sé obair Mhichíl Martin nuair a bhí sé féin ina Aire Sláinte.

2. An bhfuil muinín ag Alex White as James Reilly?

a. Níl in aon chor.
b. Tá, go huile agus go hiomlán.
c. Tá, ach tá deacrachtaí acu fós.

3. Cad é an rud is tábhachtaí i bpolaitíocht na hÉireann?

a. Dílseacht do Enda Kenny.
b. Dílseacht go ginearálta.
c. Dílseacht don fhreasúra.

4. Cé mhéad euro de chiorruithe atá le cur i bhfeidhm?
a. €600 milliún
b. €660 billiún
c. €666 milliún

Ceist 3 Roinn na focail seo, a bhí le cloisteáil sa mhír, in dhá ghrúpa. Cuir an t-alt leo freisin.

Aire, rún, post, freasúra, buiséad, comhghleacaí, deacracht, contúirt, polaitíocht,

Focail fhirinscneacha	Focail bhaininscneacha

Ceist 4 '…inniu…'

Ceangail na nathanna cainte Gaeilge leis na cinn chearta i mBéarla. Tá an chéad cheann déanta duit.

e amárach	a. last night
___ an mhí seo caite	b. this month
___ an mhí seo chugainn	c. from time to time
___ an mhí seo	d. sometimes
___ an tseachtain seo	**e. tomorrow**
___ an tseachtain seo caite	f. tonight
___ an tseachtain seo chugainn	g. often
___ anocht	i. tomorrow night
___ anois	j. last month
___ anuraidh	k. now
___ aréir	l. ever
___ gach lá	m. yesterday
___ go minic	n. next month
___ i gcónaí	o. this year
___ i mbliana	p. next week
___ inné	q. last year
___ maidin amárach	r. tomorrow morning
___ maidin inniu	s. this week
___ ó am go ham	t. every day
___ oíche amárach	u. this morning
___ riamh	v. last week
___ uaireanta	w. always

Ceist 5 ‘Bail ó Dhia oraibh’

1. Déan liosta, leis an duine in aice leat, de na nathanna ar fad atá ar eolas agaibh a bhfuil tagairt don reiligiún iontu.
2. Cén fáth a bhfuil a leithéid ann, dar libh?

Ceist 6 Pléigh na ceisteanna leis na daoine eile i do ghrúpa:

1. An bhfuil suim agat i bpolaitíocht na hÉireann?
2. An gceapann tú gur daoine macánta iad polaiteoirí? Cén fáth?
3. Ar mhaith leat féin bheith i do pholaiteoir lá breá éigin?

Treoracha agus Freagraí

Ceist 1
Tá an cheist seo le déanamh sula seinntear an tuairisc.

A

The Health Minister	*An tAire Sláinte*
Department of Public Expenditure and Reform	*An Roinn Caiteachais Phoiblí agus Athchóirithe*
Department of the Taoiseach	*Roinn an Taoisigh*
Department of Health	*An Roinn Sláinte*
Minister of state	*An tAire Stáit*

B

1	2	3	4	5	6	7	8	9	10	11
k	c	e	d	b	i	j	f	h	a	g

Ceist 2
1. (a)
2. (c)
3. (b)
4. (c)

Ceist 3

Focail fhirinscneacha	Focail bhaininscneacha
An tAire, an rún, an post, an freasúra, an buiséad, an comhghleacaí,	*An deacracht, an chontúirt, an pholaitíocht,*

Ceist 4

e amárach	a. last night
j an mhí seo caite	b. this month
n an mhí seo chugainn	c. from time to time
b an mhí seo	d. sometimes
s an tseachtain seo	e. tomorrow
v an tseachtain seo caite	f. tonight
p an tseachtain seo chugainn	g. often
f anocht	i. tomorrow night
k anois	j. last month
q anuraidh	k. now
a aréir	l. ever
t gach lá	m. yesterday
g go minic	n. next month
w i gcónaí	o. this year
o i mbliana	p. next week
m inné	q. last year
r maidin amárach	r. tomorrow morning
u maidin inniu	s. this week
c ó am go ham	t. every day
i oíche amárach	u. this morning
l riamh	v. last week
d uaireanta	w. always

Ceist 5
Tuairimíocht atá i gceist anseo.

Ceist 6
Is féidir gach beirt a chur ag déanamh an phlé seo agus ansin na ceisteanna a phlé leis an rang iomlán.

Máire T. Ní Mhadaoin
Bail ó Dhia oraibh. Dúirt an tAire Sláinte, James Reilly, inniu, nach bhfuil aon rún aige éirí as a phost. Tagann an ráiteas sna sála ar éileamh a rinne an freasúra inné go n-éireodh sé as.

Caoimhe Ní Laighin
Tá brú á chur ar an Aire Sláinte, James Reilly éirí as ó tháinig sé chun solais go bhfuil an Roinn Caiteachais Phoiblí agus Athchóirithe agus Roinn an Taoisigh i bhfeighil, i gcomhpháirt leis an Roinn Sláinte, ar na ciorruithe sláinte a fógraíodh sa mbuiséad[1] a chur i bhfeidhm. Inné, dúirt Ceannaire Fhianna Fáil, Micheál Martin, gur léiriú é seo go bhfuil smacht caillte aige ar a Roinn. Ach inniu, dúirt an tAire Reilly nach bhfuil rún ar bith aige éirí as, agus cháin sé taifead Mhichíl Martin le linn dó bheith ina Aire Sláinte é féin. Agus bhí an tAire Stáit don Roinn Sláinte ag tacú lena chomhghleacaí.

Caoimhe Ní Laighin
An bhfuil muinín agatsa as an Aire James Reilly?

Alex White, Aire Stáit TD, An Roinn Sláinte
Tá muinín agam as an Aire[2] James Reilly, ach ta deacrachtaí ann, tá sé sin soiléir, ach deacrachtaí dúinn go léir.

Caoimhe Ní Laighin
Ach, an bhfuil an tAire Reilly i gcontúirt i ndáiríre?

Déaglán de Bréadúin, Saor-iriseoir Polaitíochta
Bhuel *you know*, an rud is tábhachtaí i bpolaitíocht na hÉireann ná dílseacht, agus bhí sé dílis don Taoiseach nuair a bhí sé sa fhreasúra. Bhí sé dílis do Enda Kenny nuair a bhí seisean faoi ionsaí agus ní dhéanann Enda Kenny dearmad ar rudaí den sórt sin *so*…ní dóigh liom go mbeidh aon mhór-dheacracht aige.

Sé chéad seasca a sé milliún euro de chiorruithe atá le cur i bhfeidhm sa gcóras sláinte.

Caoimhe Ní Laighin, Nuacht TG4, ag an Roinn Sláinte i mBaile Átha Cliath.

[1] *sa bhuiséad* atá sa chaighdeán
[2] *an tAire* a deirtear